C/2026/220

8.1.2026

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2026/220)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 347, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:

‘**8504 40 84 Inbhéartóirí ag a bhfuil feidhmiúlacht rianaithe pointe uaschumhachta**

Áirítear leis an bhfo-cheannteideal seo inbhéartóirí a úsáidtear i suiteálacha fótavoltacha gréine chun aschur cumhachta a bharrfheabhsú agus sruth díreach a ghintear le modúil fhótavoltacha gréine á thiontú ina shruth ailtéarnach le haghaidh úsáid dhíreach nó le haghaidh ionchur san eangach leictreachais. Tugtar an pointe uaschumhachta ar an aschur cumhachta optamach sin le haghaidh dhálaí sonracha sholas na gréine agus dálaí sonracha comhshaoil, agus is éard atá i gceist le rianú pointe uaschumhachta an próiseas chun saintréithe an lóid a choigeartú de réir mar a athraíonn na dálaí sin.

Cuireann an fheidhmiúlacht sin ar a gcumas do na modúil fhótavoltacha oibriú go leanúnach ag a bpointe cumhachta optamach, agus le láithreacht na feidhmiúlachta sin déantar idirdhealú idir na hinbhéartóirí sin agus cineálacha eile inbhéartóirí. Tá na hinbhéartóirí fótavoltacha i gcomhréir le caighdeáin CEN/IEC 62109 maidir le sábháilteacht trealaimh tiontaithe cumhachta a úsáidtear i gcórais fhótavoltacha.’

([1]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.